EDPS

EUROPEAN DATA PROTECTION SUPERVISOR

# AN MAOIRSEOIR EORPACH AR CHOSAINT SONRAÍ

Údarás neamhspleách um chosaint sonraí an AE

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2020

## ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN



edps.europa.eu

Tá tuilleadh sonraí faoin MECS ar fáil ar ár láithreán gréasáin ag edps.europa.eu.

Is féidir clárú dár nuachtlitir ar an láithreán gréasáin freisin.

Port Láirge, Éire - An Bhruiséil, an Bheilg: Trilateral Research Ltd, Vrije Universiteit Brussel, 2021
© Dearadh agus Grianghraif: Trilateral Research Ltd, EDPS & an tAontas Eorpach
© An tAontas Eorpach, 2021

Tá atáirgeadh údaraithe ar choinníoll go n-admhaítear an fhoinse.

Maidir le haon úsáid nó atáirgeadh grianghraf nó aon ábhar eile nach dtagann faoi chóipcheart an Mhaoirseora Eorpaigh um Chosaint Sonraí, caithfear cead a lorg go díreach ó shealbhóirí an chóipchirt.

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| PRINT | ISBN 978-92-9242-688-0 | ISSN - | doi: 10.2804/63553 | QT-AB-21-001-GA-C |
| PDF | ISBN 978-92-9242-644-6 | ISSN 1831-0648 | doi: 10.2804/252097 | QT-AB-21-001-GA-N |
| HTML | ISBN 978-92-9242-623-1 | ISSN 1831-0648 | doi: 10.2804/521184 | QT-AB-21-001-GA-Q |



# RÉAMHRÁ

Bliain dhúshlánach ba ea an bhliain 2020, agus ní raibh aon duine dínn ag súil leis an dóigh a dtitfeadh sí amach.

Ní hamháin gur tháinig athrú mór ar an dóigh a n-oibrímid agus a mairimid de bharr na paindéime, ach cuireadh ról agus cineál ár gceart bunúsach i lár na díospóireachta poiblí dá barr freisin, lena n-áirítear na cearta chun príobháideachais agus chun cosaint sonraí.

Ba as an bpaindéim a tháinig fírinne nua. Ó thaobh údaráis chosanta sonraí de, ba thástáil í thar aon ní eile. Bhí sé dúshlánach comhlíonadh a áirithiú i ndomhan a bhíonn ag éirí níos digitithe i gcónaí agus comhairle thráthúil a thabhairt d'údaráis, do rialaitheoirí agus do shaoránaigh maidir leis na gnéithe cosanta sonraí de na bearta a rinneadh de bharr na paindéime.

D'fhreagair an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí (MECS) go pras don chúram sin, agus é ag bunú thascfhórsa inmheánach COVID-19, a bhí comhdhéanta de bhaill de gach aonad agus earnáil MECS, chun comhordú a dhéanamh ar ghníomhartha a bhaineann leis an idirghníomhú idir príobháideachas agus an phaindéim agus chun tabhairt go réamhghníomhach faoi na gníomhartha sin. Mar gheall ar an gcreideamh atá againn sa ról sonrach atá ag MECS i dtírdhreach institiúideach an Aontais Eorpaigh (AE), d'iarramar go nglacfaí cur chuige uile-Eorpach i leith an víreas a chomhrac, go háirithe i gcomhthéacs aipeanna rianaithe teagmhála.

De bharr theacht isteach an chórais teilea-oibrithe, ba ghá do MECS coigeartú a dhéanamh ar an gcur chuige a ghlacann sé i leith a chroíghníomhaíochtaí a chur i gcrích. D'fhéachamar air sin mar dheis dul i mbun idirphlé níos gaire fós le geallsealbhóirí, lenar áiríodh údaráis phoiblí, an tsochaí shibhialta agus an lucht léinn. Leanamar le bheith gníomhach i réimse na n-imscrúduithe. I measc ceann eile, chríochnaíomar an fiosrúchán ar an dóigh a n-úsáideann Europol mórthacair shonraí agus d'eisíomar na cinntí agus na moltaí uainn tar éis imscrúdú a dhéanamh ar an dóigh a n-úsáideann institiúidí AE táirgí agus

seirbhísí Microsoft, ar cinntí agus moltaí iad a chuireamar i láthair ag an dara cruinniú de chuid Fhóram na Háige.

Leis an mBreithiúnas i gcás "Schrems II", ar bhreith chinniúnach ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh é, cuireadh arís eile le bliain a bhí an-eachtrach cheana féin d'aon údarás cosanta sonraí. Ghlac MECS páirt ghníomhach in obair an Bhoird Eorpaigh um Chosaint Sonraí de bhun an bhreithiúnais sin agus rannchuidigh sé go gníomhach léi, go háirithe maidir leis na bearta lena bhforlíontar uirlisí aistrithe chun a áirithiú go gcomhlíontar an leibhéal cosanta a thugann an tAontas Eorpach do shonraí pearsanta. An tráth céanna, d'ullmhaíomar straitéis dár gcuid féin a bhfuil mar aidhm léi a áirithiú go gcomhlíonann institiúidí AE an Breithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

Ag féachaint ar aghaidh, chuireamar an straitéis dar teideal 'Shaping a Safer Digital Future' ('Todhchaí Dhigiteach Níos Sábháilte a Mhúnlú') ó MECS don tréimhse 2020-2024 i láthair i mí an Mheithimh 2020, rud atá bunaithe ar **Fhadbhreathnaitheacht**, ar **Ghníomhaíocht** agus ar **Dhlúthpháirtíocht**. Ar aon dul leis sin, mhol MECS, i measc tionscnamh eile, go mbunófaí Díorma Tacaíochta Saineolaithe, rud a bhfuil mar aidhm leis na comhaltaí den Bhord Eorpach um Chosaint Sonraí a thabhairt le chéile chun aghaidh a thabhairt ar an ngá atá ann le dlíthe cosanta sonraí AE a fhorfheidhmiú ar bhealach níos láidre.

Leanamar le gníomhú mar chomhairleoir iontaofa don Choimisiún Eorpach, don Chomhairle agus do Pharlaimint na hEorpa ar an líon mór tograí reachtacha agus neamhreachtacha agus ar na tionscnaimh eile lena ndéantar difear do na cearta chun príobháideachais agus chun cosaint sonraí. Áiríodh leis sin, mar shampla, na Tuairimí uainn maidir leis an straitéis Eorpach maidir le sonraí, maidir leis an Intleacht Shaorga agus maidir leis na maoluithe sealadacha beartaithe ón gcreat maidir le r-phríobháideachas. Chuireamar ár saineolas in iúl don reachtóir freisin trí na Tuairimí féintionscnaimh uainn maidir le sonraí a úsáid chun críocha taighde eolaíoch agus chun críocha a bhaineann leis an tsláinte, gan ach beagán a lua.

Rinneamar tuilleadh forbartha ar ár ngníomhaíochtaí faireacháin, agus sinn ag anailísiú saincheisteanna teicneolaíochta a bhaineann le príobháideachas agus cosaint sonraí agus ag gníomhú mar phointe tagartha le haghaidh na saincheisteanna sin a shoiléiriú.

Is údar sásaimh ar leith dom an doiciméad seo a chur i láthair: ar achoimre agus forbhreathnú é ar gach a ndearnamar le linn na míonna deacra atá i gceist. Léirítear sa Tuarascáil Bhliantúil 2020 athléimneacht, díograis agus obair dhícheallach bhaill foirne MECS, agus ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil leo ina leith sin.



**Wojciech Wiewiórowski**
An Maoirseoir Eorpach um Chosaint Sonraí

# BUAICPHOINTÍ MECS IN 2020

Bliain uathúil don domhan agus, dá réir sin, don Mhaoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí (MECS) ba ea an bhliain 2020. Cosúil le cuid mhór eagraíochtaí eile, ba ghá do MECS oiriúnú a dhéanamh ar a mhodhanna oibre mar fhostóir agus ar a chuid oibre freisin toisc, mar thoradh ar ghéarchéim sláinte COVID-19, gur neartaíodh an glaoch chun príobháideachas daoine aonair a chosaint, i bhfianaise teacht chun cinn aipeanna rianaithe teagmhála agus teicneolaíochtaí eile a úsáideadh sa chomhrac in aghaidh COVID-19. Cé gur féidir an-leas a bhaint as an teicneolaíocht chun rannchuidiú le leathadh COVID-19 a shrianadh, is é an tosaíocht atá againn go fóill a áirithiú go gcosnaítear sonraí pearsanta daoine aonair agus an ceart atá acu chun príobháideachais.

Bhí an bhliain 2020 ina tús nua do MECS ar roinnt bealaí freisin. An 30 Meitheamh 2020, chuireamar an Straitéis uainn don tréimhse 2020-2024 i láthair. Is é aidhm uileghabhálach na Straitéise todhchaí dhigiteach níos sábháilte a mhúnlú, agus trí chroícholún inti ina leagtar amach na treoirghníomhartha agus na treoirchuspóirí do MECS suas le deireadh 2024: **Fadbhreathnaitheacht, Gníomhaíocht, agus Dlúthpháirtíocht**.

Ba go príomha leis na trí cholún sin, agus leis an Straitéis uainn ina hiomláine, a brúdh ár gcuid oibre chun cinn in 2020.

## Cosaint sonraí le linn géarchéim dhomhanda sláinte

Chonaiceamar le linn phaindéim COVID-19 nach fiú faic é príobháideachas, ná aon cheart bunúsach eile, mura bhfuil dlúthpháirtíocht ann freisin. Agus aird á tabhairt againn air sin, d'oibríomar go dlúth laistigh de MECS agus leis an mBord Eorpach um Chosaint Sonraí, leis na hoifigigh chosanta sonraí de chuid institiúidí, chomhlachtaí, oifigí agus ghníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh (institiúidí AE) agus le saineolaithe eile Eorpacha agus idirnáisiúnta i réimse an phríobháideachais agus na teicneolaíochta chun daoine aonair agus a sonraí pearsanta a chosaint.

Ba é an chéad tionscnamh uainn ina leith sin tascfhórsa inmheánach a bhunú láithreach chun faireachán agus measúnú gníomhach a dhéanamh ar fhreagairtí rialtais agus earnála príobháidí do phaindéim COVID-19. Le linn 2020, choinnigh tascfhórsa COVID-19 súil ar fhorbairtí a bhfuil tionchar acu ar chosaint sonraí agus príobháideachas agus rinne sé forbairtí amach anseo a réamh-mheas, agus é ag cur ar chumas MECS freagairt atá bunaithe ar phríobháideachas a spreagadh agus gníomhú mar phointe tagartha do gheallsealbhóirí ar fud na hEorpa agus níos faide i gcéin.

Mar údarás cosanta sonraí AE le haghaidh institiúidí AE, thacaíomar leis na hinstitiúidí sin sláinte a bhfostaithe a choimirciú ar bhealach

a chomhlíon ceanglais phríobháideachais trí na Treoshuíomhanna uainn maidir le seiceálacha teochta coirp, rianú teagmhála de láimh, agus freagairtí institiúidí AE mar fhostóirí a eisiúint.

D'imríomar ról gníomhach ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal idirnáisiúnta araon freisin trí pháirt a ghlacadh, agus ceannaireacht a léiriú, i bhfóraim idirnáisiúnta amhail an Tionól Domhanda Príobháideachais (Comhdháil Idirnáisiúnta na gCoimisinéirí Cosanta Sonraí agus Príobháideachais roimhe sin) agus i gcomhdhálacha eile. Go háirithe, chuamar i dteagmháil le saineolaithe ón bpobal sláinte poiblí san Aontas Eorpach (AE) agus in eagraíochtaí idirnáisiúnta eile chun tuiscint níos fearr a ghnóthú ar an ngá atá ann le faireachas eipidéimeolaíoch a dhéanamh agus le tomhas cruinn a dhéanamh ar éifeachtúlacht agus cuspóir na n-uirlisí atá á bhforbairt maidir le cosaint sonraí pearsanta (mar shampla, trí threoir phraiticiúil a fhorbairt le chéile maidir le cosaint sonraí trí dhearadh).

# Comhlíonadh an dlí cosanta sonraí ag institiúidí AE

## Na huirlisí a theastaíonn a sholáthar d'institiúidí AE

Mar údarás cosanta sonraí le haghaidh institiúidí AE, soláthraíonn MECS dóibh na huirlisí a theastaíonn uathu chun Rialachán (AE) 2018/1725 a chomhlíonadh.

Rinneamar amhlaidh le linn 2020 trí thionscnaimh éagsúla, idir dhoiciméid straitéiseacha a eisiúint, na himscrúduithe uainn a fhoilsiú, agus ár gcomhar le hoifigigh chosanta sonraí institiúidí AE a threisiú trí oiliúint a sholáthar dóibh chun cur leis an bhfeasacht atá acu ar shaincheisteanna cosanta sonraí agus ar a bhfreagrachtaí.

Bhain MECS leas as uirlisí a bhí ann cheana, d'fhorbair sé uirlisí nua agus chothaigh sé cur chuige comhleanúnach i leith cosaint sonraí a chur i bhfeidhm le linn 2020 chun tacú le hinstitiúidí AE leanúint le ceannaireacht eiseamláireach a thabhairt maidir le cearta digiteacha agus próiseáil fhreagrach sonraí a choimirciú, i gcomhréir leis na colúin **Ghníomhaíochta** agus **Fadbhreathnaitheachta** den Straitéis uainn don tréimhse 2020-2024.

Thugamar comhairle agus treoir d'institiúidí AE maidir le huirlisí, amhail Measúnuithe Tionchair ar Chosaint Sonraí, agus sholáthraíomar oiliúint ábhartha chun eolas agus saineolas a chomhroinnt agus chun rannchuidiú le riarachán cliste institiúidí AE. Bhaineamar úsáid as raon modhanna difriúla ina leith sin, amhail an Bhileog Eolais dar teideal 'DPIA in a nutshell' ('Measúnú Tionchair ar Chosaint Sonraí i mbeagán focal') uainn; Tuarascáil ina bpléitear an dóigh a ndéanann institiúidí AE measúnuithe tionchair ar chosaint sonraí agus ina leagtar amach na ceachtanna a d'fhoghlaim institiúidí AE agus na dea-chleachtais a bhreathnaigh siad; suirbhé chun a chinneadh go sonrach cén dóigh a bhfuil measúnuithe tionchair ar chosaint sonraí á n-úsáid ag institiúidí AE; agus físeán ar an ábhar céanna d'oifigigh chosanta sonraí. Leanamar lenár Vicí a nuashonrú go tráthrialta freisin, ar acmhainn é a cruthaíodh d'oifigigh chosanta sonraí agus comhordaitheoirí cosanta sonraí i mí na Samhna 2019 chun cabhrú leo Rialachán (AE) 2018/1725 a chomhlíonadh. Chomh maith leis sin, táimid ag obair ar leagan 1.0 den Bhailitheoir Fianaise Suímh Ghréasáin a fhorbairt chun cabhrú le húdaráis chosanta sonraí, rialaitheoirí sonraí, cleachtóirí cosanta sonraí agus forbróirí gréasáin a áirithiú go gcomhlíonann a suíomhanna gréasáin an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí agus Rialachán (AE) 2018/1725.

## Maoirseacht a dhéanamh ar an Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais

Thosaíomar ag déanamh maoirseacht ar Eurojust, gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um chomhar breithiúnach (an 12 Nollaig 2019), agus táimid ag cur leis an maoirseacht a dhéanaimid ar ghníomhaíochtaí cosanta sonraí Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh.

An 5 Deireadh Fómhair 2020, d'eisíomar go poiblí an fiosrúchán uainn ar dhúshlán mórshonraí Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol), mar atá an phróiseáil a dhéanann Europol ar na mórthacair shonraí a fhaightear ó Bhallstáit AE agus ó chomhpháirtithe oibríochtúla eile nó a bhailítear

i gcomhthéacs gníomhaíochtaí faisnéise foinse oscailte. Chinneamar nár chomhlíon an phróiseáil forálacha Rialachán 2016/794, go háirithe prionsabal an íoslaghdaithe sonraí. Chuireamar ar shúile do Europol gach beart riachtanach agus iomchuí a chur chun feidhme chun maolú a dhéanamh ar na rioscaí do shonraí daoine aonair a thagann as an bpróiseáil mórthacar sonraí.

### Fóram na Háige

Tháinig Fóram na Háige, ar chomhbhunaigh MECS é, le chéile den dara huair an 2 Iúil 2020, áit ar tugadh institiúidí AE agus eagraíochtaí idirnáisiúnta eile le chéile chun faisnéis a mhalartú agus treisiú lena gcumhacht idirbheartaíochta le soláthraithe seirbhísí teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide (TFC), lena n-áirítear soláthraithe néalseirbhísí agus néalchumarsáide. Ar an ócáid sin, d'eisíomar Páipéar Poiblí inar leagadh amach na cinntí agus na moltaí uainn maidir leis an dóigh a n-úsáideann institiúidí AE táirgí agus seirbhísí Microsoft, ar cinntí agus moltaí iad ina gcuirimid in iúl go láidir gurb amhlaidh, nuair a théann institiúidí AE isteach i gcaidreamh conarthach le soláthraithe seirbhísí teicneolaíochta faisnéise (TF), gur cheart an rialú atá ag institiúidí AE ar an dóigh a bpróiseáiltear sonraí pearsanta, agus ar cén fáth a bpróiseáiltear iad, a atreisiú le téarmaí na gconarthaí sin.

### Comhlíonadh an rialaithe i gcás "Schrems II"

D'eisigh MECS an Straitéis uaidh le haghaidh chomhlíonadh an rialaithe i gcás 'Schrems II' ag institiúidí AE tar éis an bhreithiúnais ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 16 Iúil 2020. I measc nithe eile, athdhearbhaítear leis an mbreithiúnas an tábhacht a bhaineann le hardleibhéal cosanta a chothabháil do shonraí pearsanta a aistrítear ón Aontas Eorpach chuig tíortha nach Ballstáit den Aontas iad. Áirítear leis an straitéis ó MECS treochlár gníomhartha atá le cur i gcrích ag institiúidí AE chun a áirithiú gur i gcomhréir le dlí cosanta sonraí AE a dhéantar aistrithe idirnáisiúnta faoi láthair agus a dhéanfar aistrithe idirnáisiúnta amach anseo.

## Cearta digiteacha a choimirciú

Tá sé mar chuspóir uileghabhálach ag MECS todhchaí dhigiteach níos sábháilte a chur chun cinn don Aontas Eorpach. Gné ríthábhachtach den chuspóir sin a bhaint amach is ea an obair a dhéanaimid ar chomhairliúcháin reachtacha.

Cothaíonn MECS fís dhearfach i leith an digitithe, áit a gcuirtear ar ár gcumas gach duine aonair a urramú, i gcomhréir leis an gcolún **Dlúthpháirtíochta** den Straitéis uainn don tréimhse 2020-2024. Dá bhrí sin, déanaimid Tuairimí agus moltaí a eisiúint agus a dhíriú chuig reachtóirí AE maidir leis an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag na tionscnaimh uathu ar dhaoine aonair agus ar an gceart atá ag daoine aonair chun cosaint sonraí chun a áirithiú go gcuireann siad ceartas digiteach agus príobháideachas digiteach chun cinn do chách laistigh de na tionscnaimh uathu.

Tá spéis ag MECS freisin i dtionscnaimh bheartais a bhfuil mar aidhm leo 'ceannasacht dhigiteach' a chur chun cinn chun cabhrú lena áirithiú gur i gcomhréir le luachanna Eorpacha a phróiseáiltear sonraí a ghintear san Eoraip. An tráth céanna, táimid tiomanta do chabhrú le siondróm díobhálach an ghaibhnithe a shárú in institiúidí AE.

### Tuairim maidir le comhpháirtíocht nua idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe

An 24 Feabhra 2020, d'eisigh MECS Tuairim maidir le hoscailt na hidirbheartaíochta le haghaidh comhpháirtíocht nua leis an Ríocht Aontaithe. Tá MECS i bhfách le comhpháirtíocht lena ndearbhaítear an tiomantas agus an urraim atá ag an Aontas Eorpach agus ag an Ríocht Aontaithe d'ardleibhéal cosanta sonraí agus do rialacha cosanta sonraí an Aontais Eorpaigh. Sa Tuairim uaidh, déanann MECS moltaí maidir le gealltanais chun cearta bunúsacha (lena n-áirítear an ceart chun cosaint sonraí) atá coibhéiseach leo sin don gheilleagar agus don tslándáil a urramú, maidir le tosaíochtaí a shainiú le haghaidh comhar idirnáisiúnta i réimsí eile seachas forfheidhmiú an dlí, go háirithe idir údaráis phoiblí (lena n-áirítear institiúidí AE), agus maidir le measúnú a dhéanamh

ar aistrithe sonraí pearsanta i bhfianaise Thuairim 1/15 ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh le haghaidh na gcomhpháirtíochtaí eacnamaíocha agus slándála.

### Tuairim maidir leis an straitéis Eorpach maidir le sonraí

An 16 Meitheamh 2020, ghlac MECS Tuairim chun a chur in iúl go láidir gur cheart an straitéis Eorpach maidir le sonraí bheith dílis do luachanna Eorpacha, go háirithe urraim do chearta bunúsacha daoine aonair, amhail an ceart chun cosaint sonraí.

### Tuairim maidir le mí-úsáid leanaí ar líne a chomhrac

An 10 Samhain 2020, d'eisigh MECS Tuairim maidir le togra le haghaidh maoluithe sealadacha ón treoir maidir le r-phríobháideachas ar mhaithe le mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chomhrac. Sa Tuairim uaidh, cuireann MECS in iúl go soiléir nach mór creat dlíthiúil cuimsitheach lena gcomhlíontar ceanglais Airteagal 7 agus Airteagal 8 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh a bheith ag gabháil le haon bhearta a dhéanfaí chun mí-úsáid leanaí a bhrath, a bhaint agus a thuairisciú. Ina theannta sin, chun ceanglas na comhréireachta a shásamh, ní mór rialacha soiléire beachta a leagan síos sa reachtaíocht, ar rialacha iad lena rialaítear raon feidhme agus cur i bhfeidhm na mbeart ábhartha agus lena bhforchuirtear coimircí íosta chun ráthaíochtaí dóthanacha a sholáthar go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint ar an mbaol mí-úsáide.

### Tuairim maidir leis an gComhaontú Nua um Imirce agus um Thearmann

An 30 Samhain 2020, d'eisigh MECS Tuairim maidir leis an gComhaontú Nua um Imirce agus um Thearmann chun a áirithiú go mbeadh sa togra le haghaidh bhainistiú níos éifeachtaí an tearmainn agus na hinimirce measúnú tionchair ar chosaint sonraí chun cabhrú leis na himpleachtaí ábhartha cosanta sonraí a shainaithint agus le haghaidh a thabhairt orthu.

### Tuairim maidir leis an Spás Eorpach Sonraí Sláinte

An 17 Samhain 2020, d'fhoilsigh MECS Réamhthuairim maidir leis an Spás Eorpach Sonraí Sláinte chun a áirithiú go dtugtar tús áite do shonraí pearsanta daoine aonair a chosaint le linn forbairt a dhéanamh ar an ardán sin le haghaidh sonraí sláinte a mhalartú agus taighde leighis agus eolaíoch a chothú.

## Faireachán a dhéanamh ar theicneolaíochtaí

Tá sé mar aidhm ag MECS a bheith ina lárionad saineolais atá aitheanta agus a bhfuil meas air, ar lárionad é a chabhraíonn lena thuiscint cén tionchar a imríonn dearadh, imscaradh agus éabhlóid na teicneolaíochta digití ar na cearta bunúsacha chun príobháideachais agus chun cosaint sonraí. Dá réir sin, chuireamar an méid sin ar áireamh sa cholún **Fadbhreathnaitheachta** den Straitéis uainn don tréimhse 2020-2024. Dá bhrí sin, leagamar tábhacht straitéiseach ar an ngné theicneolaíoch de chosaint sonraí a chomhtháthú isteach inár gcuid oibre le linn 2020, agus déanfaimid amhlaidh go ceann i bhfad. Mar údarás cosanta sonraí, leanaimid le grinnscrúdú a dhéanamh ar na rioscaí agus na deiseanna a d'fhéadfadh a bheith ag baint le dul chun cinn na teicneolaíochta, féachaimid le tuiscint a ghnóthú ar na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ag baint le teicneolaíochtaí nua, agus spreagaimid comhtháthú na cosanta sonraí trí dhearadh agus na cosanta sonraí mar réamhshocrú sa phróiseas nuálaíochta.

I measc nithe eile, áiríodh leis an obair sin an rannchuidiú a rinneamar le linn 2020 i leith inniúlachtaí láidre formhaoirseachta, iniúchóireachta agus measúnaithe a fhorbairt le haghaidh teicneolaíochtaí agus uirlisí a bhíonn ag éirí níos mó agus níos mó ina ngnéithe 'dílse' dár n-éiceachóras digiteach, amhail intleacht shaorga agus aghaidh-aithint.

### TechDispatch

Lean MECS le cur le tionscnaimh a bhí ar bun cheana amhail an tuarascáil TechDispatch uainn, rud a seoladh i mí Iúil 2019 chun go bhféadfadh MECS rannchuidiú leis an díospóireacht leanúnach ar theicneolaíochtaí nua agus cosaint sonraí. Dírítear gach eagrán ar theicneolaíocht éagsúil atá ag teacht chun cinn, agus bímid ag iarraidh faisnéis a sholáthar faoin teicneolaíocht féin, measúnú a dhéanamh ar a tionchar féideartha ar phríobháideachas agus cosaint sonraí, agus naisc le tuilleadh léitheoireachta faoin ábhar.

### An Líonra Innealtóireachta um Príobháideachas Idirlín

Lean MECS le seisiúin agus ceardlanna de chuid an Líonra Innealtóireachta um Príobháideachas Idirlín a reáchtáil (go fíorúil), rud a bhunaíomar in 2014 chun sinn a chumasú an bhearna idir saineolaithe dlí agus innealtóirí agus iad ag cur coimircí cosanta sonraí chun feidhme a líonadh agus faireachán a dhéanamh ar theicneolaíochtaí úrscothacha lena méadaítear príobháideachas. Tríd an obair sin, leanaimid le croí-eolas a ghnóthú ar an dóigh a dtéann teicneolaíochtaí riachtanacha agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn chun tairbhe do phríobháideachais agus cosaint sonraí trí thuairimí a mhalartú leis an lucht léinn agus le nuálaithe san earnáil phríobháideach, i measc gníomhaithe ábhartha eile.

## MECS mar chomhalta den Bhord Eorpach um Chosaint Sonraí

Creideann MECS go bhfuil léiriú láidir ar fhíor-dhlúthpháirtíocht Eorpach, comhroinnt ualaigh agus cur chuige coiteann ag teastáil chun forfheidhmiú rialacha cosanta sonraí a áirithiú. Creidimid go láidir ansin agus chuireamar é sin ar áireamh sa cholún **Gníomhaíochta** den Straitéis don tréimhse 2020-2024.

Mar shampla den dóigh a gcuirimid an creideamh sin i bhfeidhm sa chleachtas, oibríonn MECS, mar chomhalta den Bhord Eorpach um Chosaint Sonraí, go dlúth le húdaráis eile chosanta sonraí ar mhaithe le dlíthe cosanta sonraí a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ar fud an Aontais Eorpaigh.

I mí an Mheithimh 2020, mhol MECS go mbunófaí Díorma Tacaíochta Saineolaithe laistigh den Bhord Eorpach um Chosaint Sonraí chun cúnamh a thabhairt d'údaráis chosanta sonraí agus iad ag déileáil le cásanna atá casta agus atá dian ó thaobh acmhainní de. Thug MECS cúnamh don Bhord Eorpach um Chosaint Sonraí ar bhealaí eile freisin, mar shampla:

- maidir le comhar an Bhoird leis an gCoimisiún Eorpach i ndáil leis an imscrúdú tosaigh domhain a rinne an Coimisiún ar an gcumasc beartaithe idir Google agus Fitbit le linn 2020;
- maidir leis an Ráiteas agus na Ceisteanna Coitianta a d'eisigh an Bord i mí Iúil 2020, a raibh mar aidhm leo na chéad fhreagraí a thabhairt ar thionchar an rialaithe i gcás "Schrems II"; agus
- maidir le Treoirlínte 9/2020 ón mBord maidir le hagóid ábhartha réasúnaithe.

## Comhar idirnáisiúnta i réimse na cosanta sonraí

I gcomhréir leis an gcolún **Fadbhreathnaitheachta** den Straitéis uainn don tréimhse 2020-2024, féachann MECS le bheith san airdeall ar na treochtaí nua ó thaobh teicneolaíochta agus cosanta sonraí de agus le bheith ar an eolas fúthu. In 2020, lean MECS le méid substaintiúil ama a chur isteach chun coinbhéirseacht dhomhanda agus idirphlé trasteorann a chur chun cinn i réimse na cosanta sonraí. D'ainneoin na ndúshlán a tháinig as an bpaindéim, leanamar le dea-chleachtais agus faisnéis a mhalartú le heagraíochtaí idirnáisiúnta agus le hidirghabhálaithe lasmuigh den Eoraip, mar aon le bearta comhair Eorpaigh agus idirnáisiúnta a fhorbairt agus le gníomhartha comhpháirteacha forfheidhmiúcháin agus cúnamh frithpháirteach gníomhach a chur chun cinn.

In 2020, shaothraíomar an cuspóir sin trí fhóraim, amhail an Tionól Domhanda Príobháideachais agus an Chomhdháil um Ríomhairí, Príobháideachas agus Cosaint Sonraí, agus trí cheardlanna de chuid eagraíochtaí idirnáisiúnta, agus plé á dhéanamh

againn ar na dúshláin chosanta sonraí a bhí ag teacht as úsáid teicneolaíochtaí nua – i measc nithe eile – mar chuid den chomhrac in aghaidh COVID-19 agus sa réimse um fhorfheidhmiú an dlí.

## Riarachán inmheánach

Sholáthair Aonad Acmhainní Daonna, Buiséid agus Riaracháin MECS tacaíocht ar fud 2020 chun a áirithiú go bhfuil ag foireann Bhainistíochta MECS agus foirne oibríochtúla MECS araon na hacmhainní agus na huirlisí airgeadais, daonna agus riaracháin a theastaíonn chun na spriocanna a leagtar amach sa Straitéis uainn don tréimhse 2020-2024 a ghnóthú.

I bhfianaise phaindéim COVID-19, ba ghá don Aonad an t-eagar atá air a oiriúnú le linn 2020 chun leanúnachas gnó a áirithiú, agus plean gníomhaíochta nuálach á fhorbairt aige chun feabhas a chur ar fheidhmiú MECS agus ar fholláine a bhall foirne, go háirithe maidir leis an bhfórsa saothair a ullmhú don teilea-oibriú.

Lean MECS le bheith ag fás ó thaobh acmhainní airgeadais de agus ó thaobh acmhainní daonna de araon in 2020. Chun an fás sin a éascú, ba ghá don Aonad bheith sofhreagrúil, solúbtha agus cruthaitheach, go háirithe mar gheall ar chomhthéacs sárdheacair phaindéim COVID-19.

Thug an tAonad tionscnaimh nua isteach in 2020 chun feabhas a chur ar fholláine bhaill foirne MECS – amhail cóitseáil inmheánach agus gníomhaíochtaí eile tacaíochta – agus leanfaidh sé leis na tionscnaimh sin a shaothrú in 2021. Áirithíonn sé sin go leanaimid lena bheith inár n-eagraíocht atá freagrach ón taobh sóisialta de agus léiríonn sé an creideamh atá againn gurb amhlaidh, nuair a bhíonn ardleibhéil folláine acu, go bhfoghlaimíonn baill foirne, agus go n-oibríonn siad, ar bhealach níos éifeachtaí, go mbíonn siad níos cruthaithí, go mbíonn caidreamh níos fearr acu, go mbíonn siad níos sóisialta ó thaobh iompraíochta de agus, ar deireadh, go mbíonn siad níos sásta lena saol oibre.

## Cosaint sonraí a chur in iúl

Is ag fás i gcónaí a bhíonn spéis an phobail i gcosaint sonraí agus in obair na n-údarás cosanta sonraí agus rannpháirtíocht an phobail leis na nithe sin. Tá sé sin níos ábhartha fós i bhfianaise phaindéim COVID-19, ar dá barr a cuireadh dlús le saol laethúil daoine aonair a dhigitiú. Tá daoine níos eolaí anois ar a lorg digiteach agus ar an tábhacht a bhaineann lena sonraí pearsanta a chosaint. Tá imní mhéadaithe orthu ina leith sin freisin.

Le linn phaindéim COVID-19, bhí sé an-tábhachtach láithreacht ar líne MECS a oiriúnú agus leanúint le í a neartú chun go bhféadfaí ceangal go hiomlán leis an spriocphobal ábhartha agus le geallsealbhóirí ábhartha. Bhain Foireann Faisnéise agus Cumarsáide MECS an cuspóir sin amach trí leas a bhaint as modhanna éagsúla, go háirithe postálacha blag, feachtais mheán sóisialta agus nuachtlitreacha míosúla ó MECS.

Dhírigh an Fhoireann ar chuspóirí eile chomh maith, go háirithe an Straitéis ó MECS don tréimhse 2020-2024 a chur chun cinn agus aitheantas amhairc nua a fhorbairt do MECS.

## Eochairtháscairí feidhmíochta

Úsáidimid roinnt eochairtháscairí feidhmíochta (ETFanna) chun cabhrú linn faireachán a dhéanamh ar ár bhfeidhmíocht i bhfianaise na bpríomhchuspóirí a leagtar amach sa Straitéis ó MECS.

Áirithíonn sé sin gur féidir linn ár gcuid gníomhaíochtaí a choigeartú, más gá, chun tionchar ár gcuid oibre a mhéadú agus chun úsáid níos éifeachtaí a bhaint as acmhainní.

Sa scórchlár eochairtháscairí feidhmíochta thíos, tugtar tuairisc achomair ar gach eochairtháscaire feidhmíochta agus ar na torthaí ina leith amhail an 31 Nollaig 2020. Tomhaistear na torthaí sin in aghaidh spriocanna tosaigh nó in aghaidh thorthaí na bliana roimhe, ar nithe iad a úsáidtear mar tháscaire.

Mar thoradh ar bhriseadh amach phaindéim COVID-19 agus ar na hiarmhairtí forleathana a bhí aici ar gach leibhéal, ba ó bhonn a athraíodh an comhthéacs agus na himthosca inar ghá do MECS oibriú. Dá bhrí sin, ba cheart aird a thabhairt ar an méid sin agus na heochairtháscairí feidhmíochta lena ndéantar faireachán ar thorthaí na bliana á léamh.

In 2020, d'éirigh linn na spriocanna a leagtar amach i gcúig cinn de na hocht eochairtháscaire feidhmíochta a chomhlíonadh nó a shárú, agus iad á sárú go mór i roinnt cásanna. Áirítear leo sin **ETF 1**, lena bpléitear leis an líon tionscnamh a bhain lenár gcuid oibre i réimse na teicneolaíochta agus an phríobháideachais; **ETF 2**, lena dtomhaistear an líon gníomhaíochtaí ar ghníomhartha trasdisciplíneacha; **ETF 3**, a bhaineann leis an líon cásanna ar déileáladh leo ar an leibhéal idirnáisiúnta; **ETF 4**, a bhaineann leis an líon Tuairimí agus Barúlacha a eisíodh in 2020; agus **ETF 6**, lena léirítear méadú ar an líon leantóirí atá againn ar ár n-ardáin mheán sóisialta.

Ní dhearnadh measúnú ar **ETF 5**, lena dtomhaistear a mhéid a bhí institiúidí AE sásta leis an treoir agus an oiliúint a fuair siad in 2020; ba go cianda a seoladh formhór mór na seisiún oiliúna agus na gcruinnithe, agus ní dhearnadh suirbhéanna sástachta mar gheall ar laigí teicniúla a d'fhág nach rabhamar in ann aiseolas gan ainm a áirithiú. Níl an líon beag seisiún a tionóladh i bpearsa in 2020 sách ionadaíoch chun conclúidí fiúntacha a bhaint astu. Mar thoradh air sin, ní dhearnadh measúnú ar an eochairtháscaire feidhmíochta sin in 2020.

Léirítear le **ETF 7** an toradh ar an suirbhé tréimhsiúil sástachta foirne, rud a dhéantar gach dhá bhliain. Seoladh an suirbhé i mí an Mheithimh 2020, trí mhí tar éis thús ghéarchéim COVID-19 agus le linn tréimhse a bhí lán d'imní agus d'éiginnteacht. D'fhéadfadh na himthosca urghnácha sin bheith ar cheann de na cúiseanna ar theip orainn an sprioc a leagadh síos a chomhlíonadh. Ina theannta sin, bhí an ráta rannpháirtíochta measartha íseal (45%) agus bhí cuid mhór ball foirne nua ann, arbh fhéidir go raibh sé deacair dóibh roinnt de na ceisteanna sa suirbhé a fhreagairt.

Léirítear le **ETF 8**, a bhaineann le cur chun feidhme buiséid, gur cuireadh 72.97% de bhuiséad leithdháilte MECS chun feidhme in 2020. Tá an figiúr sin i bhfad níos ísle ná an figiúr do 2019, mar atá 92%, agus tá sé i bhfad faoi bhun na sprice, mar atá 90%. Is féidir an méid sin a chur go príomha i leith phaindéim COVID-19, ar dá barr a rinneadh difear ollmhór do ghníomhaíochtaí MECS. Nuair a d'fhógair rialtas na Beilge an chéad dianghlasáil i mí an Mhárta 2020, forfheidhmíodh roinnt diansrianta (atá i bhfeidhm go fóill) ar ghluaiseacht ball foirne agus daoine aonair eile. Bhí tionchar díreach acu sin ar chostais mhisean agus ar chostais aisíocaíochta saineolaithe, arb ionann iad agus mórchuid den bhuiséad. Bhí tionchar indíreach acu ar mhíreanna eile buiséid freisin (e.g. costais ateangaireachta). D'imir roinnt tosca seachtracha eile tionchar níos lú ar fhorghníomhú buiséid chomh maith (moilleanna ar an bhfáil ar oifigí san fhoirgneamh ar Rue Montoyer 30 agus iarchur na n-oibreacha gaolmhara). Táimid ag súil leis go mbeidh tionchar mór ag an bpaindéim ar an mbliain 2021 freisin toisc go meastar go gcoinneofar srianta taistil ar bun go dtí go mbainfidh an feachtas vacsaínithe ardchéim amach.

# BUAICPHOINTÍ MECS IN 2020

| EOCHAIRTHÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA | | Torthaí amhail an 31.12.2020 | Sprioc 2020 |
|---|---|---|---|
| EFT 1<br>Táscaire inmheánach | An líon tionscnamh, lenar áiríodh foilseacháin, a ndearna MECS iad a eagrú nó a chomheagrú maidir le faireachán a dhéanamh ar an teicneolaíocht agus maidir le teicneolaíochtaí a chur chun cinn chun feabhas a chur ar phríobháideachas agus cosaint sonraí | 9 dtionscnamh | 9 dtionscnamh |
| EFT 2<br>Táscaire Inmheánach & Seachtrach | An líon gníomhaíochtaí atá dírithe ar réitigh bheartais trasdisciplíneacha (inmheánacha & seachtracha) | 8 ngníomhaíocht | 8 ngníomhaíocht |
| EFT 3<br>Táscaire Inmheánach | An líon cásanna ar déileáladh leo ag leibhéal idirnáisiúnta (EDPB, CoE, OECD, GPEN, Comhdhálacha Idirnáisiúnta) ar chuir MECS saothar suntasach scríofa ar fáil lena n-aghaidh | 42 cás | 10 gcás |
| EFT 4<br>Táscaire Seachtrach | An líon Tuairimí/Barúlacha a eisíodh mar fhreagairt d'iarrataí ar chomhairliúchán (an Coimisiún Eorpach, Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, Údaráis Chosanta Sonraí...) | 6 Thuairim<br>25 Barúil Fhoirmiúil | 10 gCinn de Thuairimí/ Barúlacha |
| EFT 5<br>Táscaire Seachtrach | Leibhéal sástachta OCS/DPCanna/ rialaitheoirí maidir le comhar le MECS agus treoir, lena n-áirítear sástacht na n-ábhar sonraí le hoiliúint | / | 70% |
| EFT 6<br>Táscaire Seachtrach | An líon leantóirí ar chuntais mheán sóisialta MECS<br>Twitter, LinkedIn, YouTube. Torthaí in 2019: 40421 (L: 20357, T: 18424, Y: 1640). | 62970<br>(LI: 38400, T:22493, YT: 2077) | Méadú 10% ar thorthaí na bliana roimhe |
| EFT 7<br>Táscaire Inmheánach | Leibhéal sástachta na Foirne | 71% | 75% |
| EFT 8<br>Táscaire Inmheánach | Cur chun feidhme an bhuiséid | 72,97 % | 90% |

# DUL I DTEAGMHÁIL LEIS AN AONTAS EORPACH

## I bpearsa

Tá na céadta ceann d'ionaid faisnéise Europe Direct suite ar fud an Aontais Eorpaigh. Is féidir leat seoladh an ionaid is gaire duit a fháil ag: https://europa.eu/european-union/contact_ga

## Ar an teileafón nó trí ríomhphost

Seirbhís a fhreagraíonn na ceisteanna atá agat faoin Aontas Eorpach is ea Europe Direct. Is féidir leat teagmháil a dhéanamh leis an tseirbhís sin ar na bealaí seo a leanas:

- trí shaorghlao: 00 800 6 7 8 9 10 11 (is féidir go ngearrfaidh oibreoirí áirithe táille as saorghlaonna),
- tríd an uimhir chaighdeánach seo a leanas: +32 22999696, nó
- trí ríomhphost a sheoladh trí https://europa.eu/european-union/contact_ga

## Faisnéis a aimsiú faoin Aontas Eorpach

## Ar líne

Tá faisnéis faoin Aontas Eorpach ar fáil i ngach teanga oifigiúil de chuid an Aontais ar shuíomh gréasáin Europa ag: https://europa.eu/european-union/index_ga

## Foilseacháin ón Aontas Eorpach

Is féidir leat foilseacháin ón Aontas Eorpach a íoslódáil nó iad a ordú saor in aisce nó ar airgead ag: https://publications.europa.eu/ga/publications.

Is féidir roinnt cóipeanna d'fhoilseacháin saor in aisce a fháil trí theagmháil a dhéanamh le Europe Direct nó leis an ionad faisnéise is gaire duit (féach https://europa.eu/european-union/contact_ga).

## Dlí an Aontais Eorpaigh agus doiciméid ghaolmhara

Chun rochtain a fháil ar fhaisnéis dhlíthiúil ón Aontas Eorpach i ngach leagan teanga oifigiúla, lena n-áirítear an dlí ar fad ón Aontas ó bhí an bhliain 1952 ann, téigh go EUR-Lex ag: http://eur-lex.europa.eu

## Sonraí oscailte ón Aontas Eorpach

Soláthraítear ar Thairseach Sonraí Oscailte an Aontais Eorpaigh (http://data.europa.eu/euodp/ga) rochtain ar thacair shonraí ón Aontas. Is féidir sonraí a íoslódáil agus a athúsáid saor in aisce chun críocha tráchtála agus neamhthráchtála araon.

edps.europa.eu

Twitter: @EU_EDPS

LinkedIn: EDPS

YouTube: European Data Protection Supervisor

Seoladh ríomhphoist: edps@edps.europa.eu

Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh

EDPS

European Data Protection Supervisor